



### 3: Slí chun Soláthar Tithíochta Nua a Méadú

---

#### **An comhthéacs reatha:**

In Éirinn tá gá le 33,000 aonad tithíochta ar an meán a thógáil in aghaidh na bliana don tréimhse suas go dtí 2030. Faoi láthair, tá thart ar 20,000 aonad tithíochta á dtógáil in aghaidh na bliana. Tá éileamh suntasach ar thithíocht mar thoradh ar an easpa soláthair atá ann faoi láthair.

Éilíonn an bealach chuig níos mó tithe go mbeidh níos mó daoine ag obair san earnáil tógála. Meastar go bhfuil baint ag 40,000 oibrí le 20,000 aonad tithíochta a sheachadadh in aghaidh na bliana. Meastar go mbeidh gá le 27,000 oibrí breise chun 33,000 aonad tithíochta a thógáil in aghaidh na bliana.

Chun freastal ar líon na n-aonad tithíochta a theastaíonn chun tacú le méadú daonra de mhilliún duine faoi 2040, tá aschur tithíochta méadaithe ag teastáil ar fud na tionachtaí uile - príobháideach (ceannach agus cíos), inacmhainne (ceannach agus cíos) agus sóisialta.

Tá 70,000 go 80,000 cead pleanála neamhghníomhachtaithe ar fud na tíre, agus 40,000 acu sin i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt neamhghníomhachtaithe mar gheall ar shaincheistanna inmharthanachta, áit a fhágann go bhfuil sé mí-eacnamaíoch teach a thógáil de bharr costas tógála.

#### **Príomhghníomhartha i dTithíocht do Chách:**

- 33,000 aonad tithíochta nua in aghaidh na bliana, ar an meán, sna deich mbliana amach romhainn. Díobh seo, beidh níos mó ná 10,000 ina dtithe sóisialta agus 6,000 teach inacmhainne (4,000 le ceannach agus 2,000 trí Chíos ar Chostas).
- Os cionn €4 billiún in aghaidh na bliana in infheistíocht Stáit i dtithe sóisialta agus inacmhainne.
- Ar thailte stáit, soláthróidh suas le 15,000 aonad tithíochta ar fáil, agus tabharfaidh an Stát maoiniú d'Údaráis Áitiúla chun talamh a fháil.
- Socruithe pleanála nua a thabhairt isteach d'fhorbairtí cónaithe ar mhórscála ina mbeidh 100 aonad tithíochta nó níos mó, nó forbairtí cóiríochta do mhic léinn ina mbeidh 200 spás leapa nó níos mó le bheith curtha in ionad Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta.
- Comhroinnt Luach Talún a thabhairt isteach chun a chinntiú go roinntear an méadú ar luachanna talún de bharr cinní críosaithe. Déanfar an cion atá urraithe ag an Stát a threorú isteach i mbonneagar áitiúil chun tacú le forbairt, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne, áit a gcruthóidh sé an luach is mó don phobal.

- Criosanna Forbartha Uirbí (UDZanna) a bhunú i gceantair a shaináithnítear a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu maidir le forbairt tithíochta. Le UDZanna, cuirfear cur chuige comhordaithe, plean-threoraithe ar fáil maidir le forbairt chónaithe agus uirbeach a sheachadadh. Ba cheart go mbeadh na costais tacaíochta bonneagair riachtanacha ar eolas i bhfad sula gcuirfidh forbróirí iarratais phleanála isteach.
- Ciste ‘Croí Cónaithe’ (Cathracha) nua a bhunú chun gníomhachtú ceadanna pleanála nach bhfuil tosaithe fós a bhrostú. Beidh feidhm ag an gciste go príomha i gceantair chathrach agus beidh sé dírithe ar fhorbairtí os cionn tairseach airde / dlúis áirithe. Cinnteoidh an scéim gur féidir forbairtí den sórt sin a thógáil ar chostas níos ísle, le díol le húnéirí-áititheoirí.
- Chun moilleanna sa chóras pleanála a laghdú, déanfar an próiseas athbhreithnithe breithiúnaigh a bhaineann leis an bpróiseas pleanála a athchóiriú agus bunófar Rannán nua den Ard-Chúirt chun cásanna pleanála agus comhshaoil a éisteacht.
- Bunófar Fóram Comhairleach Pleanála, le ballraíocht leathan geallsealbhóirí, chun ionchur a dhéanamh sa bheartas éabhlóideach agus ar an gclár oibre dlíthiúil i réimse na pleanála.
- Cáin nua a thabhairt isteach chun tailte folmha a ghníomhachtú chun críocha cónaithe, in ionad an Tobhaigh Láithreáin Fholamh.
- Scileanna agus cumas méadaithe a spreagadh sa lucht saothair tógála ionas gur féidir leis 33,000 aonad tithíochta a sheachadadh in aghaidh na bliana, lena n-áirítear an ‘Plean Gníomhaíochta ar Phrintíseachtaí 2021 - 2025’ agus an tuarascáil ‘Scileanna na Todhchaí a Fhorbairt’ a chur i bhfeidhm.
- Na gníomhartha sa Tuarascáil *Nuálaíocht a Thógáil* a chur i bhfeidhm chun nuálaíocht agus aschur san earnáil tógála a mhéadú.
- A chinntiú go dtacaítear le hearnáil na tógála a bheith nuálaíoch i dtéarmaí modheolaíochta agus teicneolaíochta tógála trí leis an mbunú den Ionad Teicneolaíochta Tógála ag Fiontraíocht Éireann le fócas tosaíochta ar thógáil cónaithe.
- Scéimeanna cead fostaíochta a mhodhnú de réir mar is gá chun an líon riachtanach fostaíche tógála a mhealladh.
- Aontaí trádála a sheoladh go hidirnáisiúnta chun oibríthe a mhealladh go hÉirinn, agus costais a bhaineann le coraintín Covid-19 a tharscaoileadh, nuair is gá.
- Maoiniú breise suas le € 750 milliún a ghairáil, de réir mar is gá, trí Maoiniú Tógála Tí Éireann (HBFI).
- Cumarsáid agus rannpháirtíocht a threorú le hinfheisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear imeachtaí ceirde, chun beartais a chur in iúl agus infheistíocht inbhuanaithe i gcóiríocht chónaithe a spreagadh.

## **Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo:**

- Go dtógfáir 33,000 teach ar an meán in aghaidh na bliana. Díobh seo soláthrófar 10,000 teach sóisialta ar an meán agus 6,000 teach inacmhainne (4,000 le ceannach agus 2,000 le ligean ar cíós).
- Go dtabharfar aghaidh ar an nganntanas lucht saothair tógála trí ghníomhaíochtaí ar nós chur i bhfeidhm ‘An Plean Gnímh maidir le Printíseacht

2021-25'. Tá tiomantas sa phlean sin clárúcháin printíseachta a mhéadú go 10,000 in aghaidh na bliana, beagnach dhá oiread na hiontógála in 2020.

- Cuirfear soláthar tithíochta níos mó i ngníomh, lena n-áirítear trí cheadúnais phleanála atá ann cheana a ghníomhachtú d'fhorbairtí áirithe árasáin tógála le díol trí chiste nua Croí Cónaithe (Cathracha) agus an cháin nua chun tailte folmha a ghníomhachtú chun críocha cónaithe. Déanfar athghiniúint agus forbairt a chomhtháthú sa phróiseas phleanála trí UDZanna a bhunú.

**Meán Fómhair 2021**

